An Roinn Iompair
Department of Transport



# Ráiteas Straitéise 2023-2025

# Clár na nÁbhar


Réamhrá ... 2

Ár bhFís ... 4

Ár Misean ... 4

Ár Luachanna ... 5

Comhchuspóir ... 5

Ár Spriocanna Straitéiseacha ... 7

Ár Spriocthorthaí ... 9

An méid a dhéanfaimid le linn shaolré na Straitéise seo ... 11

Sprioc Straitéiseach 1: Nascacht ... 12

Sprioc Straitéiseach 2: Inbhuanaitheacht: Geilleagar, Comhshaol agus Sochaí ... 13

Sprioc Straitéiseach 3: Sábháilteacht, Slándáil agus Inrochtaineacht ... 16

Sprioc Straitéiseach 4: Rialáil Éifeachtach ... 19

Sprioc Straitéiseach 5: Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara ... 22

Sprioc Straitéiseach 6: Dearscnaitheacht agus Nuálaíocht san Eagraíocht ... 24

Cur i bhfeidhm ... 29

Creat le haghaidh Seachadta ... 30

Aguisín 1 – Struchtúr an Bhoird Bainistíochta ... 31

Aguisín 2 – Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Iompair ... 33

Aguisín 3 - Tiomantais na Roinne Iompair i gClár an Rialtais ... 37

# Réamhrá



# Réamhrá

Tá baint ag an Roinn Iompair le gach gné de shoghluaisteacht daoine agus earraí laistigh d'Éirinn, chomh maith le rochtain ar ár náisiún oileánda agus uaidh.

Cabhraímid leis an Rialtas agus le hAirí beartais a fhorbairt do chóras iompair na hÉireann, bailímid sonraí agus faisnéis agus cuirimid i dtoll a chéile iad mar chomhairle beartais fhianaisebhunaithe, agus forbraímid reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar athrú beartais nuair is gá.

Déanaimid idirbheartaíocht ar son na hÉireann i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe ach gan a bheith teoranta don Aontas Eorpach, áit a gcinntear beartais agus caighdeáin idirnáisiúnta.

Déanaimid idirbheartaíocht agus monatóireacht ar eisíocaíocht na n-acmhainní airgeadais a sholáthraíonn an cáiníocóir agus cinntímid go ndéantar ár n-acmhainní a spriocdhíriú agus a úsáid go héifeachtach, agus sinn ag infheistiú inár gcóras iompair don todhchaí.

Déanaimid comhordú ar chur i bhfeidhm an bheartais iompair ar fud an iliomad comhlachtaí stáit agus údarás áitiúil a bhfuil baint acu leis an earnáil, idir tráchtála agus neamhthráchtála. Áirítear air sin iompar poiblí na hÉireann a sholáthar,ár líonraí taistil ghníomhaigh, iarnróid agus bóithre a thógáil agus a chothabháil, a chinntiú go ndéantar iompar ar talamh, san aer agus ar muir i gceart agus go sábháilte, agus inniúlacht oibreoirí iompair a chinntiú.

Déanaimid teagmháil réamhghníomhach le raon páirtithe leasmhara seachtracha, ó Ranna eile Rialtais agus comhlachtaí poiblí go dtí ár gcalafoirt agus aerfoirt, údaráis áitiúla, an lucht gnó, an lucht acadúil agus daoine den phobal.

Trí oibriú i gcomhar ar fud an Rialtais, déanaimid na coinníollacha criticiúla maidir le hathrú córais a bharrfheabhsú, amhail úsáid níos fearr a bhaint as spás poiblí agus ailíniú níos fearr idir iompar agus pleanáil úsáid talún, rud a chuireann lenár gcumas nascadh ar bhealach níos sábháilte agus níos áisiúla.

Soláthraíonn an roinn go leor seirbhísí go díreach don phobal, oibríonn sé i dtreo éifeachtúlachtaí níos fearr, déanann sé iarracht a bheith níos nuálaí, agus ag dul i bhfeidhm go dearfach ar shaol daoine. Coinníonn an Roinn an Comhad Feithiclí agus Tiománaithe Náisiúnta (NVDF), an bunachar sonraí lárnach d'fheithiclí, agus tá sí freagrach as mótarcháin a bhailiú. Bailíodh breis agus €900 milliún le linn 2022. Aon uair a dhéanann duine iarratas ar cheadúnas tarlaithe nó oibritheora paisinéirí bus, aon uair a chláraíonn duine long, nó a chuireann sé glaoch ar an ngarda cósta, tá sé ag déileáil linn go díreach. Déanaimid dul chun cinn gach bliain freisin ar raon beart reachtach, a bhaineann le gach modh iompair.

Tá a fhios againn go gcuirtear go leor de chúram orainn. Is dúshlán é, ach ní mór dúinn aghaidh a thabhairt air, chun beartais a ath-shainmhíniú, chun cur i bhfeidhm beartas a bheachtú agus chun an córas iompair a athshamhlú, ionas go dtabharfaimid aghaidh i gceart ar na dúshláin aeráide atá roimh Éirinn agus roimh an bpláinéad ar fad, agus aird i gcónaí againn ar ár ngealltanais sa Phlean um Ghníomhú ar Son na hAeráide (CAP) agus ar ár gcuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta eile.

Leis an Ráiteas Straitéise seo, cuirtear lenár Ráiteas Straitéise 2021-2023 agus leis na sé sprioc straitéiseacha atá againn, agus sinn ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo na ngealltanas atá leagtha amach i gClár an Rialtais a bhaint amach: *Ár dTodhchaí Le Chéile.*

Leagtar amach sa Straitéis conas atá sé beartaithe againn acmhainní poiblí a chur i bhfeidhm chun ár misean casta agus tábhachtach a chomhlíonadh.

## Ár bhFís

*Muintir agus áiteanna na hÉireann, ceangailte go hinbhuanaithe lena chéile agus leis an domhan.*

## Ár Misean

*Chun córas iompair inrochtana, éifeachtach, sábháilte agus inbhuanaithe a sheachadadh a thacaíonn le pobail, teaghlaigh agus gnólachtaí.*




# Ár Luachanna

Tá luachanna na seirbhíse poiblí agus na roinne araon mar threoir ag an gcaoi a n-oibrímid, agus tugann siad bonn eolais dár n-iompraíocht aonair agus chomhchoiteann agus dár gcinnteoireacht.

Táimid freagrach as na torthaí is fearr a sheachadadh do mhuintir na hÉireann agus don Rialtas, agus spreagann an cuspóir comhroinnte seo sinn chun spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach. Is le chéile a dhéanaimid an obair is fearr, leagaimid síos caighdeáin arda, agus bainimid leas as ár saineolas comhchoiteann chun ár rannchuidiú leis an tsochaí a uasmhéadú.

Glacaimid úinéireacht ar dhúshláin chasta, dírímid ar réitigh a fhreastalaíonn ar gach saoránach, agus foghlaimímid agus cuirimid rudaí in oiriúint nuair nach n-oibríonn siad.

Tugaimid tacaíocht dá chéile chun ár ndícheall a dhéanamh: ciallaíonn sé sin meas a bheith againn ar ár ndifríochtaí agus fáilte a chur roimh gach ionchur. Roinnimid ár scileanna éagsúla agus ár saineolas éagsúil go réamhghníomhach agus sinn fós oscailte do dhúshlán cuiditheach.



### Uaillmhian: Táimid dírithe ar an Todhchaí.

**Déanaimid cothromaíocht a aimsiú idir riachtanais an lae inniu agus uaillmhianta móra don todhchaí.**

Feidhmímid mar mhaoir na todhchaí, forbraímid spriocanna uaillmhianacha don tsochaí agus cinntímid go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn ina leith. Caithfimid cothromaíocht a aimsiú idir riachtanais reatha agus riachtanais na todhchaí go leanúnach, agus dul chun cinn a sholáthar i ndomhan atá ag athrú. Cuirimid de dhúshlán romhainn féin smaoineamh ar bhealaí nua, fanacht fiosrach, agus úsáid a bhaint as na sonraí is fearr atá ar fáil chun cinntí a dhéanamh. Leis sin, ní mór dúinn a bheith spreagtha, dóchasach, agus foighneach inár ról mar thacadóirí agus gníomhairí an athraithe.

### Cáilíocht agus Seachadadh: Déanaimid ár ndícheall chun Sármhaitheas a bhaint amach.

**Táimid mionchúiseach i ngach a ndéanaimid, agus cothaímid muinín trí na caighdeáin is airde a dhearbhú.**

Tá freagracht orainn luach ar airgead agus na torthaí is fearr is féidir a sholáthar don tsochaí i ngach a ndéanaimid. Chun é sin a dhéanamh táimid mionchúiseach inár gcur chuige agus cinntímid go gcoimeádaimid muinín agus creidiúnacht lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Déanaimid iarracht feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí agus cuirimid de dhúshlán romhainn féin leanúint ar aghaidh ag foghlaim agus ag forbairt. Glacann gach duine againn freagracht as na caighdeáin is airde a dhearbhú, rud a thugann deis dúinn a bheith bródúil as an méid a dhéanaimid agus as an tionchar a imrímid.

### Comhoibriú: Is le chéile a dhéanaimid an obair is fearr.

**Bainimid úsáid as ár scileanna éagsúla agus ár saineolas éagsúil chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach.**

Is eol dúinn gur fearr an tionchar comhchoiteann a eascraíonn as bheith ag comhoibriú lenár gcomhghleacaithe agus lenár gcomhpháirtithe ná an méid is féidir linn a bhaint amach inár n-aonar. Tá meas agus luach againn ar éagsúlacht an tsaineolais agus na scileanna atá ag ár bhfoirne, agus an rannchuidiú a dhéanann gach duine. Déanaimid ár saineolas a thairiscint go gníomhach nuair is gá, iarraimid ionchur ó dhaoine eile, agus tugaimid dúshlán cuiditheach agus tacaíocht dá chéile chun an obair is fearr is féidir a dhéanamh.

### Éiteas na Seirbhíse Poiblí: Tá seirbhís phoiblí i gcroílár gach a ndéanaimid.

**Gníomhaímid le hionracas agus le neamhchlaontacht, agus bainimid amach cinntí cothroma do na páirtithe leasmhara go léir.**

Tugann ár gcomhchuspóir spreagadh dúinn chun freastal ar an bpobal agus gníomhú chun leasa an phobail. Cinntímid go dtuigimid riachtanais na bpáirtithe leasmhara go léir trí dhul i dteagmháil leo agus go dtugaimid aird ar na riachtanais sin. Gníomhaímid chun leasa na bpáirtithe leasmhara trí bheith macánta agus cothrom, trí mheas a léiriú orthu agus trí chomhairle neamhchlaonta a sholáthar lena chinntiú go mbíonn cinntí neamhchlaonta agus cóir.

# Ár Spriocanna Straitéiseacha



# Ár Spriocanna Straitéiseacha

## Nascacht

Ár gcóras iompair a chothabháil agus a fhorbairt, teaghlaigh, pobail, agus gnólachtaí, idir thuaithe agus uirbeacha, ar oileán na hÉireann a nascadh, agus ag an am céanna nascacht idirnáisiúnta na hÉireann a chinntiú, rud atá ríthábhachtach chun ár n-iomaíochas eacnamaíoch domhanda a choimeád.

## Inbhuanaitheacht: Geilleagar, Comhshaol agus Sochaí

A chinntiú go bhfuil ár gcóras iompair comhtháite, athléimneach agus dícharbónaithe ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de.

## Sábháilteacht, Slándáil agus Inrochtaineacht

Sábháilteacht, slándáil agus inrochtaineacht do chách a chur i gcroílár ár mbeartas agus ár seirbhísí córais iompair, lena n-áirítear d'úsáideoirí bóithre, úsáideoirí iompair phoiblí, coisithe, rothaithe agus daoine a thaistealaíonn san aer agus ar muir.

## Rialáil Éifeachtach

Athruithe a thuar agus creataí rialála a chur ar bun a bheidh oiriúnach dá bhfeidhm, a sheasfaidh an aimsir agus lena gcinnteofar go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm.

## Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Éisteacht, cumarsáid agus rannpháirteachas a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir agus úsáid á baint as fianaise chun an tionchar is mó a bhaint amach, agus comhionannas agus cearta an duine a chosaint.

## Sármhaitheas agus Nuálaíocht san Eagraíocht

Oibriú chun an freastal is fearr a dhéanamh ar an bpobal agus ar a n-ionadaithe tofa, trí eagraíocht athléimneach a bhfuil na daoine cearta, an cheannaireacht cheart, na struchtúir agus na córais chearta aici, agus nuálaíocht agus feabhsú a dhéanamh i gcónaí.

# Ár Sprioctorthaí



# Ár Spriocthorthaí

Trínár gcuid oibre, tá sé d'aidhm ag an roinn torthaí a fheabhsú i raon leathan gnéithe den saol in Éirinn. Léiríonn na torthaí thíos roinnt bealaí ina mbraitear ár dtionchar. Níl sa Roinn Iompair ach ceann amháin den iliomad deitéarmanant a bhaineann leis na torthaí sin, ach is réimsí iad a ndéanann ár ngníomhartha a bpáirt chun feabhsuithe a chruthú.

| Sábháilteacht ar Bhóithre | Astuithe $CO_2$ ó Iompar | Iompar Poiblí agus Taisteal Gníomhach | Éire a nascadh | Daoine |
|---|---|---|---|---|
| Tá d'aidhm againn ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir bóithre. | Tá sé d'aidhm againn astuithe $CO_2$ ón earnáil iompair a laghdú. | Tá sé d'aidhm againn líon na dturas a dhéantar trí thaisteal gníomhach agus iompar poiblí a dhéantar a mhéadú. | Tá sé d'aidhm againn nascacht na hÉireann leis an domhan a mhéadú. | Tá sé d'aidhm againn a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta, trí inniúlacht agus tiomantas ár ndaoine. |
| Maraíodh 156 duine ar bhóithre na hÉireann in 2022, méadú 20 (15%) ar 2021. | 10.9 milliún tona $CO_2$ a bhí in astuithe iompair ar talamh in Éirinn in 2021, méadú 6% ó 2020, agus deireadh á chur le srianta Covid-19 de réir a chéile agus de réir mar a chuathas i mbun gníomhaíochta iompair ar ais. | Thuairiscigh 52% de dhaoine i nDaonáireamh 2022 gur thiomáin siad chun na hoibre, laghdú ó 58% i nDaonáireamh 2016.<br><br>Tríd is tríd, tháinig laghdú ar an líon comaitéirí a d'úsáid soghluaisteacht inbhuanaithe ó 21% in 2016 go 18% d'oibrithe in 2022. | Bhí 236,246 eitilt isteach go hÉirinn nó amach aisti in 2022.<br><br>Tháinig 12,447 soitheach go calafoirt na hÉireann in 2022. | Thug 78% dár bhfoireann 7 nó níos airde (ar scála 0-10) mar scór nuair a fiafraíodh díobh inár suirbhé foirne 2023 an molfaidís an roinn mar áit oibre. |

# An Méid a Dhéanfaimid



# An méid a dhéanfaimid le linn shaolré na Straitéise seo

Tá obair na roinne leathan agus fadréimseach. Tugtar forbhreathnú ardleibhéil thíos ar roinnt dár bpríomhchuspóirí, dár ngníomhartha agus dár bpríomhnithe inseachadta faoi gach Sprioc Straitéiseach le linn shaolré na Straitéise seo.

## Sprioc Straitéiseach 1: Nascacht

**Ár gcóras iompair a chothabháil agus a fhorbairt, teaghlaigh, pobail, agus gnólachtaí, idir thuaithe agus uirbeacha, ar oileán na hÉireann a nascadh, agus ag an am céanna nascacht idirnáisiúnta na hÉireann a chinntiú, rud atá ríthábhachtach chun ár n-iomaíochas eacnamaíoch domhanda a choimeád.**

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Ár ngeilleagar a fhorbairt trí fheabhas a chur ar ár nascacht idirnáisiúnta, tacú le lasta, slabhraí soláthair agus lóistíocht, agus ár bpríomhthionscail, ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus leis an Plean Náisiúnta Eacnamaíoch, chomh maith leis an bPlean um Ghníomh u ar son na hAeráide.<br><br>Leanúint le béim a chur ar thábhacht straitéiseach ár gcalafort muirí agus ár n-aerfort, chun tacú le réadú cuspóirí foriomlána an NPF agus go háirithe Cuspóir Náisiúnta Straitéiseach 6: Nascacht Idirnáisiúnta Ardchaighdeáin. | Athbhreithniú ollmhór a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta um Chalafoirt chun a chinntiú go seasfaidh líonra calafort na hÉireann an aimsir agus go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm.<br><br>Riachtanais acmhainne amach anseo ag aerfoirt an stáit a bhreithniú agus líonraí aerfort reatha a bharrfheabhsú.<br><br>An conradh seirbhísí aeir idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) a bhainistiú.<br><br>Tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Tarlaithe Bóthair na hÉireann 2022-2031 agus oibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun tosú ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí, lena n-áirítear Fóram um Lastas Bóthair a bhunú. | Beartas Náisiúnta nua um Chalafoirt.<br><br>Earraí arna láimhseáil ag Calafoirt na hÉireann: de réir réigiúin trádála. https://data.cso.ie/table/TBQ05<br><br>Athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta Eitlíochta 2015.<br><br>Athbhreithniú Meántéarma ar Chlár na nAerfort Réigiúnach 2021-2025.<br><br>Gníomhartha na Straitéise Tarlaithe Bóthair 2022 - 2031 curtha i bhfeidhm, agus spriocanna na Straitéise seachadta don earnáil agus do dhaoine. |
| Naisc iompair ar ár n-oileán comhroinnte a fheabhsú, chun forbairt réigiúnach chothromaithe eacnamaíoch agus shóisialta a chothú, lena n-áirítear tithíocht. | Nascacht uile-oileáin d'iarnród agus de bhóthar a fheabhsú. | An tAthbhreithniú Straitéiseach ar Iarnróid Uile-Oileáin agus an doiciméad faoi na chéad chéimeanna eile a fhoilsiú.<br><br>Feabhsuithe ar bhóithre náisiúnta de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta. |

## Sprioc Straitéiseach 2: Inbhuanaitheacht: Geilleagar, Comhshaol agus Sochaí

**A chinntiú go bhfuil ár gcóras iompair comhtháite, athléimneach agus dícharbónaithe ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de.**

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| I gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha, oibriú chun na gealltanais fadréimseacha i mBeartas na Roinne maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe (SMP) agus sa caibidil faoi iompar den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (CAP23) a bhaint amach. | A chinntiú go bhfuil próisis iomchuí um rialachas, monatóireacht agus tuairisciú i bhfeidhm againn chun gníomhartha a chur i bhfeidhm. | Dul chun cinn suntasach maidir le gníomhaíochtaí faoin SMP agus faoin gCaibidil faoi Iompar in CAP23 a sheachadadh.<br><br>Luach na soghluaisteachta inbhuanaithe a léiriú trí raon éagsúil tionscadal faoin gClár Pathfinder. |
| Dlús a chur faoin aistriú córa iompair chuig iompar poiblí, agus feabhas a chur ar na roghanna iompair atá ar fáil do dhaoine. | Infheistiú inár mbonneagar iompair phoiblí agus inár seirbhísí iompair phoiblí, idir bhus agus iarnród, i limistéir uirbeacha agus thuaithe na hÉireann.<br><br>Dul chun cinn leanúnach ar na cláir BusConnects, DART+ agus MetroLink.<br><br>Éire a Nascadh a chur i bhfeidhm go leanúnach. | Méadú ar an líon paisinéirí ar iompar poiblí. |
| Dlús a chur leis an aistriú córa iompair go taisteal gníomhach, níos mó daoine a spreagadh chun taisteal gníomhach a roghnú trí infheistiú inár mbonneagar taistil ghníomhaigh agus taisteal gníomhach a chur chun cinn, as a leanfaidh go nglacfaidh níos mó daoine modhanna taistil níos inbhuanaithe. | Infheistiú inár mbonneagar taistil ghníomhaigh i limistéir uirbeacha agus thuaithe na hÉireann trí –<br><br>• CycleConnects<br>• An Gréasán Náisiúnta Raonta Rothar<br>• Bealaí Sábháilte chun na Scoile | Pleananna seachadta do gach scoil i mBabhta 1, 2 agus 3 den chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile le tabhairt chun críche faoi dheireadh 2025 agus luach níos mó ná €7 milliún de pháirceáil rothar agus scútar le soláthar ag scoileanna.<br><br>Staitisticí faoi mhodhanna iompair náisiúnta – níos mó daoine ag tógáil iompar poiblí nó ag siúl.<br><br>Suirbhé Náisiúnta Taistil 2019 - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh . |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Éifeachtúlacht an chórais iompair a fheabhsú, trí bheartais a fhorbairt a thabharfaidh tosaíocht do spás poiblí níos glaine, níos sábháilte agus níos inrochtana d'iompar poiblí, siúl agus rothaíocht. | Straitéis Náisiúnta um Bainistiú ar an Éileamh a fhorbairt.<br><br>Tacú le deiseanna le haghaidh éifeachtúlachtaí digiteacha agus oibríochtúla i lasta bóthair m.sh. tiomáint éiceolaíoch, comhdhlúthú lasta, comhroinnt ualaigh, triail leantóirí níos faide. | Straitéis atá formheasta ag an Rialtas, agus Plean Feidhmithe a sheachadadh.<br><br>Athbhreithniú Straitéiseach ar Iarnróid foilsithe. |
| Tacú leis an aistriú chuig leictriú an fhlít feithiclí iompair agus céimeanna praiticiúla a sholáthar chun líonra náisiúnta luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EV) a sholáthar chun úinéireacht carranna EV a mhéadú agus chun rannchuidiú lenár spriocanna foriomlána um laghdú astaíochtaí. | Infheistíocht i mbonneagar EV.<br><br>Scéimeanna deontas a sholáthar.<br><br>Rolladh amach méadaithe an Bhonneagair EV trí:<br>• Forbairt ar phleananna náisiúnta agus áitiúla um Bonneagar EV.<br>• Scéimeanna maoinithe don bhonneagar EV a sheachadadh. | Clárúchán méadaithe d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí sárísle.<br><br>Dlús a chur le rolladh amach an bhonneagair luchtaithe leictrigh.<br><br>Leanúint leis an bhflít bus a leictriú, agus ar a laghad 250 bus leictreach nó bus astaíochtaí nialasacha oibríochtúla le bheith ann faoi 2025, lena n-áirítear tríd an gclár BusConnects i mBaile Átha Cliath. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Tacú le soláthar fuinnimh in-athnuaite agus breoslaí malartacha san iompar agus tacú le dícharbónú an iompair eitlíochta agus mhuirí. | Beartas maidir le Breoslaí In-athnuaite Iompair 2023-2025<br><br>Méadú bliantúil ar an ráta oibleagáide breosla iompair in-athnuaite.<br><br>Ardleibhéal uaillmhéine a chur chun cinn maidir le bearta in Oiriúnach do 55 a bhaineann le hiompar, amhail ReFuelEU maidir le cúrsaí Eitlíochta agus FuelEU maidir le cúrsaí Muirí, agus bearta AE maidir le breoslaí malartacha le haghaidh eitlíochta agus muirí a chur i bhfeidhm in Éirinn a luaithe a ghlactar iad.<br><br>Comhordú a dhéanamh ar sheachadadh na riachtanas maidir le bonneagar breoslaí malartacha, mar atá sainordaithe ag Rialacháin an AE maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha. | Méadú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite san iompar. |
| Forbairt ar bhonneagar calafort a éascú agus treoir agus rialáil chuí chun tacú le hearnáil Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) na hÉireann. | Tacú le forbairt beartas, bearta a chur i bhfeidhm chun bacainní a réiteach maidir le seachadadh an bhonneagair chalafoirt chun ORE a éascú, lena n-áirítearcóras rialála a fhorbairt do ghníomhaíocht árthaí ORE. | Críochnú agus cur i bhfeidhm na nGníomhartha do Chalafoirt faoi Shruth Oibre a Sé, atá geallta faoin Tascfhórsa um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta agus tacú le forbairt rialála. |
| Pleanáil le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide san earnáil iompair chun tacú le cur chun feidhme beart um oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht san iompar. | An Plean Oiriúnaithe Earnála agus gníomhartha oiriúnaithe gaolmhara sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme, a athbhreithniú agus a nuashonrú. | Scórchárta Bliantúil an CCAC um Oiriúnú.<br><br>Plean Oiriúnaithe Earnála athbhreithnithe don Iompar laistigh de na hamlínte a leagtar amach faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe. |

## Sprioc Straitéiseach 3
## Sábháilteacht, Slándáil agus Inrochtaineacht

**Sábháilteacht, slándáil agus inrochtaineacht do chách a chur i gcroílár ár mbeartas agus ár seirbhísí córais iompair, lena n-áirítear d'úsáideoirí bóithre, úsáideoirí iompair phoiblí, coisithe, rothaithe agus daoine a thaistealaíonn san aer agus ar muir.**

Tá an Roinn tiomanta dá cuspóirí a bhaint amach faoi Chlár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe agus17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na NA. Tá freagracht dhíreach ar an Roinn Iompair as dhá sprioc sna SDGanna i réimsí na sábháilteachta ar bhóithre (Sprioc 3.6) agus iompar sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe a chinntiú do chách (Sprioc 11.2).

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Ár gcóras iompair a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus do dhaoine scothaosta de réir a chéile, agus úsáid á baint as dearadh uilíoch comhtháite agus cur chuige maidir leis an 'turas uile'.<br><br>Beartais a fhorbairt a chuireann inrochtaineacht san áireamh, ó dhearadh go dtí cur i bhfeidhm. | Oibriú lena chinntiú go leabaítear gnéithe inrochtaineachta i ngach tionscadal agus seirbhís nua um bonneagar iompair, ó chéim an dearaidh ar aghaidh.<br><br>Ár dtiomantais a chur i bhfeidhm sa straitéis chomharba ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas. | Gnéithe inrochtaineachta a chur i bhfeidhm ar fud ár gcóras iompair.<br><br>Ár spriocanna a bhaint amach faoi na táscairí Buiséid Feidhmíochta agus Comhionannais.<br><br>Líon na seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe a mhéadú, lena n-áirítear i limistéir thuaithe, i gcomhréir le Sprioc 11.2 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, ag obair i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí. |
| Daoine a tharrtháil ar muir: seirbhísí Garda Cósta den scoth, seirbhísí éifeachtacha cuardaigh agus tarrthála agus seirbhísí éigeandála um thruailliú muirí a sheachadadh. | Clár a sheachadadh chun claochlú a dhéanamh ar Gharda Cósta na hÉireann , tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de Sheirbhís an Gharda Cósta lena n-áirítear straitéis, struchtúr, róil, cultúr agus rialachas, chun a chinntiú go mbeidh sé sa riocht is fearr is féidir le rath a bhaint amach sa 21ú haois.<br><br>Athbhreithniú neamhspleách ar ról oibrithe deonacha sa Gharda Cósta.<br><br>Conradh nua um Eitlíocht Chuardaigh agus Tarrthála do Gharda Cósta na hÉireann a sholáthar. | Daoine a tharrtháil ar muir.<br><br>An conradh nua um Eitlíocht Chuardaigh agus Tarrthála do Gharda Cósta na hÉireann a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh air. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre do gach úsáideoir bóithre. | Tacú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), lena n-áirítear trí mhaoirseacht láidir, chun an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus seirbhísí ábhartha lena n-áirítear an NCT agus Tástáil Tiomána a sheachadadh.<br><br>Tosaíocht a thabhairt do reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre agus í a chur chun cinn.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS). | Bóithre níos sábháilte.<br><br>Reachtaíocht um shábháilteacht ar bhóithre a achtú. Moilleanna ar Thástálacha Náisiúnta Gluaisteán (NCT) agus ar Thástálacha Tiománaithe a réiteach.<br><br>Laghdú ar líon na mbásanna ar na bóithre:<br>• Laghdú comhsheasmhach a chur ar bhásanna ar Bhóithre/Iarnród agus ar ghortuithe tromchúiseacha.<br>• Laghdú 50% ar bhásanna ar na bóithre faoi 2030 ag teacht le Sprioc 3.6 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA – dul chun cinn suntasach i dtreo na sprice sin laistigh de fhráma ama an Ráitis Straitéise seo.<br><br>Úsáid mhéadaithe a bhaint as modhanna taistil atá sábháilte agus sláintiúil.<br><br>Athbhreithniú Neamhspleách ar an RSA.<br><br>Athbhreithniú Neamhspleách ar MBRS a chur i gcrích agus tús a chur le cur i bhfeidhm. |
| Córas láidir beartais agus reachtaíochta a chinntiú do shábháilteacht agus slándáil eitlíochta in Éirinn. | Creat beartais a fhorbairt agus a fhoilsiú a thacóidh le forbairt shábháilte agus shlán ar earnáil láidir um Chóras Aerárthaí Gan Foireann (UAS) in Éirinn.<br><br>Scrúdú neamhspleách a thabhairt chun críche ar fheidhmíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir lena fheidhmeanna maoirseachta sábháilteachta mar a cheanglaítear leis an Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993. | Creat Beartais le haghaidh UAS a fhoilsiú.<br><br>An t-athbhreithniú reachtúil a fhoilsiú. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Imscrúduithe éifeachtacha ar Thionóiscí a chinntiú. | Imscrúdú ar shábháilteacht eitlíochta agus tionóiscí agus teagmhais a thuairisciú go poiblí.<br><br>Muirí: aonad nua um Imscrúdú ar Thionóiscí Muirí (MAIU) a bhunú, an Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) a chur ar aghaidh lena achtú agus ullmhú do MAIU nua a bhunú.<br><br>Iarnród/LUAS/DART: feabhas a chur ar shábháilteacht trí chúiseanna féideartha tionóiscí a dheimhniú a mhéid is féidir ar mhaithe le moltaí sábháilteachta a dhéanamh. | MAIU a bhunú. |
| Feabhas a chur ar ár n-ullmhacht chun freagairt d'éigeandálaí lena n-áirítear mar phríomh-roinn rialtais.<br><br>A bheith réidh mar phríomh-roinn rialtais chun freagairt d'éigeandálaí i gcásanna éagsúla a aithníodh sna Struchtúir agus sa Chreat Náisiúnta um Bainistiú Straitéiseach Éigeandála. | Athbhreithniú ar Phlean Éigeandála na Roinne.<br><br>Cleachtaí a dhéanamh go tráthrialta chun ár n-ullmhacht a thástáil maidir le freagairt d'éigeandálaí mar phríomh-roinn rialtais.<br><br>Cleachtaí faoi stiúir Gharda Cósta na hÉireann.<br><br>Ionchur a sholáthar mar roinn tacaíochta rialtais de réir mar is gá. | Plean Éigeandála i bhfeidhm a tástáladh ar aon dul leis na Struchtúir agus an Chreat Náisiúnta um Bainistiú Straitéiseach Éigeandála.<br><br>Cleachtaí tráthrialta a chur i gcrích.<br><br>Measúnú cibearshlándála a dhéanamh agus moltaí a chur i bhfeidhm. |
| Tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht agus do shlándáil na ndaoine atá ag obair agus ag taisteal ar gach modh iompair. | Oibriú go dlúth lenár ngníomhaireachtaí chun córas iompair sábháilte a sheachadadh. | Tuarascáil bhliantúil ón NTA ar shábháilteacht paisinéirí iompair phoiblí agus slándáil phearsanta a fhoilsiú. |

# Sprioc Straitéiseach 4: Rialáil Éifeachtach

**Athruithe a thuar agus creataí rialála a chur ar bun a bheidh oiriúnach dá bhfeidhm, a sheasfaidh an aimsir agus lena gcinnteofar go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm.**

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Ár gclár gníomhach de reachtaíocht atá beartaithe a chur chun cinn (oibleagáidí intíre agus AE) chun a chinntiú go bhfuil dlíthe oiriúnach don fheidhm agus cothrom le dáta maidir le hathruithe (feabhsú, nuashonrú, nuachóiriú). | Leanúint lenár gcuid oibre ar ár bpíblíne reachtaíochta.<br><br>Teagmháil éifeachtach agus tráthúil le hinstitiúidí an AE chun dul i ngleic le sáruithe. | Dul chun cinn ar roinnt Billí agus ar reachtaíocht thánaisteach lena n-áirítear:<br>• Reachtaíocht um shábháilteacht ar bhóithre.<br>• An Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú).<br>• An Bille um Shábháilteacht Iarnróid (Leasú).<br>• An Bille Loingis Cheannaíochta (Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta).<br>• An Bille Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Comhaontuithe Eitlíochta Idirnáisiúnta) (Leasú).<br>• An Bille um Athchóiriú maidir le Feithiclí Seirbhíse Poiblí Móra.<br>• Reachtaíocht thánaisteach chun Pacáiste Soghluaisteachta an AE agus an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le hIompar de Bhóthar a thabhairt chun críche. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Leanúint le rialáil éifeachtach a dhéanamh ar an earnáil iompair tráchtála de bhóthar lena n-áirítear trí cheadúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar oibreoirí iompair de bhóthar. | Feidhm éifeachtach agus éifeachtúil um cheadúnú oibreoirí a oibriú.<br><br>Monatóireacht ar oibreoirí ceadúnaithe i gcomhréir le ceanglais reachtúla.<br><br>Córas nua iarratais ar cheadúnas ar líne a thógáil.<br><br>Leanúint le comhoibriú ilghníomhaireachta a dhéanamh leis an RSA, An Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, lucht Custam agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar chúrsaí forfheidhmithe. | Ceadúnais a eisiúint go tráthúil dóibh siúd a chomhlíonann an caighdeán.<br><br>Cásanna monatóireachta gníomhaí a thabhairt chun críche de réir mar is gá.<br><br>Córas TF um Cheadúnú Oibreoirí Iompair de Bhóthar a chur i bhfeidhm.<br><br>Tacaíocht a chur ar fáil d'iarrachtaí forfheidhmithe gníomhaireachta. |
| Leanúint le mótarcháin a bhailiú (ar líne agus i gcomhar le hOifigí Mótarchánach na nÚdarás Áitiúil), tacú le ceadúnais tiomána a tháirgeadh, taifid feithiclí a choinneáil agus forfheidhmiú a éascú i réimse na sábháilteachta ar bhóithre agus rialú feithiclí agus tiománaithe. | Bunachar sonraí an NVDF a choinneáil chun bailiú ioncaim náisiúnta a éascú, tacú le ceadúnais tiomána a tháirgeadh, taifid feithiclí a choinneáil agus bearta forfheidhmithe a chur i bhfeidhm agus a éascú ar bearta iad atá iomchuí do shábháilteacht ar bhóithre, agus rialáil feithiclí agus tiománaithe go ginearálta.<br><br>Córas mótarchánach éifeachtach ar líne a sheachadadh chun ioncam mótarchánach a bhailiú ar an mbealach is sábháilte agus is éifeachtúla is féidir.<br><br>Ár ról mar sholáthraí seirbhíse a chomhlíonadh trí sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar a chuireann iontaofacht agus infhaighteacht córais chun cinn chun freastal ar na riachtanais atá agus a bheidh ag ár n-úsáideoirí deiridh. | Tá na córais go léir oiriúnach don fheidhm agus tacaíonn díoltóirí agus monaróirí leo go hiomlán.<br><br>Dioscaí cánach a phróiseáil, a phriontáil agus a eisiúint le haghaidh gach idirbheart a phróiseáiltear ar líne, ag www.motortax.ie<br><br>Dioscaí a eisiúint laistigh de lá oibre amháin ón idirbheart ar líne.<br><br>Tuairim is €800 milliún in ioncam a bhailiú in aghaidh na bliana.<br><br>Tacú le Seirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána an RSA agus tástáil NCT agus feithiclí Tráchtála.<br><br>Tacú le feidhm fhorfheidhmithe tiománaithe agus feithiclí an Gharda Síochána agus na Seirbhíse Cúirteanna. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Oibriú lenár ngníomhaireachtaí tráchtála, neamhthráchtála agus rialála chun a chinntiú go gcoimeádtar na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh ar fud na hearnála iompair, le tacaíocht ó Bhoird éagsúla agus éifeachtacha. | A chinntiú go líonfar bearnaí ar Bhoird Stáit chomh tapa agus is féidir le hiarrthóirí ardchaighdeáin. | Cothromaíocht Inscne mhéadaithe ar Bhoird Stáit. |
| Tacaíocht agus dúshlán iomchuí a thabhairt dár ngníomhaireachtaí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna. | Rannpháirtíocht leanúnach agus chuiditheach lenár ngníomhaireachtaí.<br><br>Tacú go réamhghníomhach le dea-rialachas inár ngníomhaireachtaí agus dúshlán a thabhairt, trí chaidrimh iomchuí a chothú agus a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtach. | Cruinnithe rialachais a thionól.<br><br>Tuarascálacha Bliantúla a chur faoi bhráid an Oireachtais go tráthúil. |

## Sprioc Straitéiseach 5: Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara

**Éisteacht, cumarsáid agus rannpháirteachas a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir agus úsáid á baint as fianaise chun an tionchar is mó a bhaint amach, agus comhionannas agus cearta an duine a chosaint.**

Ár n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chomhlíonadh chun dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus páirt ghníomhach i bhforbairt ár mbeartas a thabhairt dóibh.

Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara i státseirbhís agus i seirbhís phoiblí na hÉireann, i bhfóraim an AE agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear ullmhú don chéad Uachtaránacht eile ar an AE.


| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| An obair a dhéanaimid a chur in iúl go héifeachtach dár bpáirtithe leasmhara, agus Straitéis Cumarsáide a fhorbairt. | Straitéis Cumarsáide fhianaisebhunaithe 3 bliana de chuid na Roinne a dhearadh agus a sheachadadh. | Seachadadh agus luacháil straitéise. |
| Cumarsáid maidir leis an Aeráid a sheachadadh. | Straitéis a sheachadadh chun rannpháirtíocht náisiúnta, ar fud an phobail, maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide i gcúrsaí iompair, a chur chun cinn agus tacú léi.<br><br>Feachtas mór ilmheán a sheachadadh chun Soghluaisteacht Inbhuanaithe / Taisteal Gníomhach a chur chun cinn. | Seachadadh agus luacháil straitéise. |
| Ár ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 arna leasú a chomhlíonadh, lena n-áirítear rochtain ar ár seirbhísí trí Ghaeilge a éascú. | Seirbhísí Gaeilge na roinne a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil teacht ar sheirbhísí i nGaeilge. | Oibleagáidí sa reachtaíocht maidir le teangacha oifigiúla a chomhlíonadh.<br><br>Cur i bhfeidhm ár Scéime Gaeilge 2021-2024. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Plean Measúnachta agus Gníomhaíochta na Roinne Iompair um Dhualgas san Earnáil Phoiblí a sheachadadh, agus ár ndualgas reachtúil faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a chomhlíonadh, chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna ár bhfoirne agus gach duine a ndéanann ár mbeartais agus ár bpleananna difear dóibh a chosaint. | Measúnú agus Plean Gníomhaíochta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí 2023 - 2025 a fhoilsiú. | Gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta agus Measúnaithe Dhualgas na hEarnála Poiblí 2023 – 2025 a chur i bhfeidhm. |
| Forbairt beartais san AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta a mhúnlú i gcomhréir lenár spriocanna straitéiseacha. | Rannpháirtíocht réamhghníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta. | Tuigtear tosaíochtaí na hÉireann go hiomlán i bhfóraim idirnáisiúnta. |

## Sprioc Straitéiseach 6: Dearscnaitheacht agus Nuálaíocht san Eagraíocht

**Oibriú chun an freastal is fearr a dhéanamh ar an bpobal agus ar a n-ionadaithe tofa, trí eagraíocht athléimneach a bhfuil na daoine cearta, an cheannaireacht cheart, na struchtúir agus na córais chearta aici, agus nuálaíocht agus feabhsú a dhéanamh i gcónaí.**

Tá coinne againn leis go mbeidh ár ndaoine dícheallach, measúil, comhghleacúil, ionraic agus macánta. Tugaimid tacaíocht dóibh déanamh amhlaidh agus cothaímid timpeallacht oibre dhearfach agus chuimsitheach ina mothaíonn daoine sábháilte chun labhairt amach nuair a fheiceann siad éagóir.



| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Leanúint lenár dtiomantas d'oscailteacht, do thrédhearcacht agus do chuntasacht i ngach gné dár gcuid oibre, agus córais láidre rialachais agus bealaí oibre a chinntiú.<br><br>Timpeallacht oibre dhearfach agus ionchuimsitheach a chothú ina mothaíonn daoine sábháilte chun labhairt amach nuair a fheiceann siad éagóir. | An fheidhm iniúchta inmheánaigh agus ár rialuithe airgeadais a athbhreithniú.<br><br>Leanúint lenár gclár bliantúil pleanáilte d'iniúchtaí inmheánacha.<br><br>Leanúint lenár bhfeidhmeanna bainistíochta riosca a fhorbairt.<br><br>Feabhsú leanúnach ar ár dtacaíochtaí don Roinn lena n-áirítear dea-chleachtas maidir le beartas soláthair.<br><br>Nochtadh Cosanta: Fanacht mar bhall den Chlár um Ionracas ag an Obair (IAW) de chuid Transparency International Ireland agus feasacht ár n-oibrithe go léir a ardú. | Rialuithe láidre agus éifeachtacha a bheith i bhfeidhm.<br><br>Oiliúint agus ardú feasachta dár n-oibrithe go léir sa réimse Nochtadh Cosanta. |
| Treorú straitéiseach a sholáthar chun an eagraíocht agus ár ndaoine a threorú chuig todhchaí na hoibre.<br><br>Leanúint le heagraíocht athléimneach a fhorbairt ag a bhfuil cumais chriticiúla lena n-áirítear inoiriúnaitheacht, solúbthacht agus ceannaireachta. | Cultúr agus luachanna a chur in iúl agus a leabú in iompraíocht.<br><br>Ár Straitéis maidir le Daoine 2023-2026 a fhorbairt.<br><br>Scéim Dámhachtana Aitheantais d'Fhostaithe a bhunú.<br><br>Solúbthacht agus an cumas chun déileáil le hathrú atá ag teacht chun cinn a leabú.<br><br>Léargais ar an bhfórsa saothair a thabhairt go tráthrialta.<br><br>Taithí na bhfostaithe a bharrfheabhsú.<br><br>Conradh síceolaíoch dearfach fostóra-fostaí a leabú trí ionduchtú, forbairt gairme, suirbhéanna etc. | Torthaí agus aiseolas ó shuirbhéanna foirne.<br><br>Tuiscint shoiléir ar ionchais, creidimh, uaillmhianta agus oibleagáidí.<br><br>Luachanna a léirítear san iompraíocht.<br><br>An clár Le Chéile a Dhéantar an Obair is Fearr a chur i bhfeidhm.<br><br>Treocht aníos i rannpháirtíocht na foirne. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Seachadadh gnó a chumasú trí sheirbhísí daoine agus dul ar thóir na tallainne chun cur ar chumas na roinne fás agus athrú.<br><br>Acmhainní a shannadh (foireann, teicneolaíocht agus airgeadas) chun éifeachtacht a uasmhéadú agus chun seachadadh seirbhíse agus beartais a fheabhsú go leanúnach, chun a chinntiú go bhfuil an roinn á reáchtáil go maith agus dírithe ar sheachadadh, trí na daoine is fearr agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais a fháil. | A bheith soiléir ar ár tairiscint luacha.<br><br>An acmhainn earcaíochta a fheabhsú.<br><br>Meicníochtaí earcaíochta a éagsúlú.<br><br>Fás a chur ar ár linn tallainne. | Pleanáil don Fhórsa Saothair 2023-2027 a thabhairt chun críche.<br><br>Réamh-mheastacháin phárolla.<br><br>Conairí gairm bheatha a fhorbairt le tacaíocht ó dheiseanna.<br><br>Foirne agus scileanna a ailíniú le cuspóirí gnó. |
| Tacú le taithí na bhfostaithe trí dheiseanna foghlama agus forbartha, tionscnaimh sláinte, folláine & idirmhalartú leictreonach sonraí ar feadh shaolré na gairme, agus tuilleadh feabhais a chur ar ár gcumas agus ár bhfeidhmíocht. | Straitéis Sláinte agus Folláine a fhorbairt.<br><br>Foghlaim agus forbairt ar feadh an tsaoil agus tacaíochtaí gairme.<br><br>Rannpháirtíocht agus cultúr na bhfostaithe.<br><br>Feidhmchláir oibre chumaiscthe. | Seoladh na tairsí Sláinte agus Folláine.<br><br>Cur i bhfeidhm spriocdhírithe na straitéise Foghlama agus Forbartha.<br><br>Seachadadh agus aiseolas ónár gclár Meantóireachta, Céimeanna Dearfacha.<br><br>Plean gníomhaíochta chun cumas ár ndaoine a fhorbairt agus<br>Dualgas na hEarnála Poiblí a leabú i ngach ceann dár gcleachtais oibre.<br><br>Líonraí foirne a bhunú chun tacú le baill foirne LGBTQ+ agus le baill foirne faoi mhíchumas agus a gcairde.<br><br>Socruithe réasúnta do bhaill foirne faoi mhíchumas chun<br>a dtaithí ar an obair a uasmhéadú. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Sainchomhairle leanúnach agus sásraí aiseolais a sholáthar idir an fhoireann agus na réimsí gnó chun caidreamh fostaithe agus tionsclaíoch agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil dár ndaoine a fheabhsú. | Caidreamh láidir a chothú le hionadaithe foirne.<br><br>Ceannairí a fhostú go réamhghníomhach chun promhadh agus feidhmíocht a bhainistiú.<br><br>Luach saothar a thabhairt d'ardfheidhmíocht. | Athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail oibriúcháin an Chaidrimh Thionsclaíoch (IR).<br><br>Dul i dteagmháil leis an mBord Bainistíochta agus leis na rannóga chun bainistíocht feidhmíochta réamhghníomhach agus tacaíochtaí AD a chur chun cinn.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir Chomhairle na Roinne.<br><br>Treochtaí i measúnuithe an bhainisteora ar phromhadh, Athbhreithnithe Bliantúla ar an gCóras Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta (PMDS), Pleananna Feabhsaithe Feidhmíochta (PIPanna) etc. |
| Ár gcuid oibre a ailíniú le hAthnuachan na Státseirbhíse 2030, agus nuálaíocht agus seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a leabú tuilleadh. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt agus ar an bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí le béim faoi leith ar na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an Roinn go díreach don phobal lena n-áirítear mótarcháin agus ceadúnú oibreoirí bóithre. | Cur i bhfeidhm na Cairte agus an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí. |

| Déanfaimid | Trí | Déanfaimid an rath a thomhas de réir |
|---|---|---|
| Ár gcumas a fhorbairt sna réimsí sonraí, digiteach agus teicneolaíocht. | Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcumas seachadadh trí theicneolaíocht. | Cothóimid fócas digiteach ar fud an éiceachórais iompair, chun seirbhísí a fheabhsú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. |
| | Níos mó úsáide a bhaint as sonraí chun beartais a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh orthu. | Cumas feabhsaithe chun teicneolaíocht agus sonraí a úsáid chun ár dtaighde agus forbairt beartais a threorú agus chun ár seirbhísí a fheabhsú. |
| | Ár bpáirt a ghlacadh i bhforbairt bhonneagar sonraí náisiúnta na hÉireann | Bailiú agus comhroinnt sonraí leis an bPríomh-Oifig Staidrimh a neartú. |
| | | Anailís, meastóireachtaí agus athbhreithnithe ardchaighdeáin ar chaiteachais a sheachadadh agus a úsáid. |
| | | Rannpháirtíocht le comhlachtaí taighde agus anailíse níos leithne, lena n-áirítear an Fóram Iompair Idirnáisiúnta, Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES), An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), agus líonraí taighde. |
| | Ár gcumas bainistíochta tionscadail a fhorbairt tuilleadh. | Caighdeáin bhainistíochta tionscadail agus dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud na roinne. |
| Ar aon dul le Sprioc Straitéiseach 3, tacú le claochlú Gharda Cósta na hÉireann, ag obair go dlúth lenár ndaoine agus lenár n-oibrithe deonacha díograiseacha, lena n-áirítear athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar ról an oibrí dheonaigh. | Féach Sprioc Straitéiseach 3, thuas. | Rúnaí Cúnta tiomnaithe a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Cósta. |
| Leanúint le maoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ag gníomhaireachtaí na Roinne Iompair. | Tacaíocht agus dúshlán a thabhairt dár ngníomhaireachtaí go léir beart a dhéanamh. | Gníomhaireachtaí dea-rialaithe, a dhéanann a sainordaithe go héifeachtúil agus go héifeachtach. |

# Cur i bhfeidhm



# Cur i bhfeidhm

Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm ár spriocanna agus ár gcuspóirí straitéiseacha ar bhonn leanúnach.

## Creat le haghaidh Seachadta

Oibríonn breis agus 600 duine sa Roinn Iompair, ina bhfuil gráid ghinearálta na státseirbhíse chomh maith le gráid ghairmiúla agus theicniúla.

Leithdháileadh €3.5 bhilliún san iomlán ar an Roinn Iompair in 2023 chun críocha príomhthionscadail straitéiseacha a sheachadadh amhail BusConnects, MetroLink agus clár leathnaithe an DART, cláir laghdaithe carbóin agus tionscadail iompair phoiblí, taisteal gníomhach, rothaíocht, siúl agus glasbhealaí, bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus tionscadail eitlíochta. Tá €35 bhilliún ar fáil thar thréimhse an Phlean Forbartha Náisiúnta chun tionscadail infheistíochta caipitil ar scála mór a sheachadadh. Leanfaimid de bheith straitéiseach maidir le himscaradh na n-acmhainní go léir atá ar fáil dúinn lena n-áirítear acmhainní airgeadais, teicneolaíochta agus foirne.

Oibreoimid go cothrománach, go héifeachtach agus go comhoibritheach chun dul chun cinn ár bpríomhthionscadal a chinntiú agus chun cur lenár gcumas fanacht solúbtha maidir le freagairt do shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Teastaíonn comhoibriú láidir le go leor daoine eile chun cuspóirí casta beartais phoiblí a bhaint amach. Tá comhoibriú láidir lenár ngníomhaireachtaí agus le Ranna Rialtais eile, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara seachtracha eile, lena n-áirítear an pobal agus lucht gnó, ríthábhachtach chun an uaillmhian atá leagtha amach i gClár an Rialtais a bhaint amach agus a sheachadadh agus chun Éire a nascadh go fírinneach.

Le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo, féachfaimid ar ár gcóras iompair go hiomlánaíoch, agus oibreoimid i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara eile, agus sinn ag oibriú i gcónaí chun ár gcóras iompair a fheabhsú, agus rialachas láidir á chinntiú ag an am céanna. Leanfaimid d'athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar ár straitéis, ár struchtúr, ár gcórais agus ár gcuir chuige, nithe a léiríonn nádúr dinimiciúil ár gcuid oibre agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn.

Déanfaimid ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear ranna rialtais eile agus na gníomhaireachtaí atá faoinár sainchúram. Déanfaimid teagmháil leis an bpobal freisin agus lorgóimid a dtuairimí ar phríomhcheisteanna straitéiseacha tríd an bpróiseas comhairliúcháin.

Leanfaimid de chinntiú go bhfanfaimid solúbtha agus athléimneach agus sinn ag freagairt do dhúshláin nua, d'éigeandálaí agus don timpeallacht atá ag athrú.

Tá roinnt straitéisí a bhaineann le hearnálacha sonrach i bhfeidhm freisin agus tá ár Ráiteas Straitéise ar aon dul leo. Tá liosta iomlán na mbeartas agus na Straitéisí a cheap an Roinn Iompair le fáil ar www.gov.ie.

# Aguisín 1



# Struchtúr an Bhoird Bainistíochta



# Aguisín 2



Credit: Tadhg O'Keefe, Port of Cork Company

# Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Iompair

## COMHLACHTAÍ TRÁCHTÁLA

| | Comhlacht | |
|---|---|---|
| 1 | CIÉ | Córas Iompair Éireann |
| 2 | Bus Átha Cliath | Bus Átha Cliath |
| 3 | BÉ | Bus Éireann |
| 4 | daa plc | Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| 5 | DPC | Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath |
| 6 | IÉ | Iarnród Éireann |
| 7 | IAA | Údarás Eitlíochta na hÉireann |
| 8 | ANI | AirNav Ireland |
| 9 | PoC | Cuideachta Phort Chorcaí |
| 10 | PoW | Cuideachta Cuain Phort Láirge |
| 11 | SFPC | Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge |
| 12 | TSAG | Grúpa Aerfort na Sionainne |

# COMHLACHTAÍ NEAMHTHRÁCHTÁLA

| | Comhlacht | Ainm |
|---|---|---|
| 1 | CRR | An Coimisiún um Rialáil Iarnróid |
| 2 | CIL | Coimisinéirí Soilse na hÉireann |
| 3 | MCIB | An Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú |
| 4 | MBRS | An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| 5 | NTA | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| 6 | RSA | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| 7 | TII | Bonneagar Iompair Éireann |

# Agencies

# Aguisín 3



# Tiomantais na Roinne Iompair i gClár an Rialtais

## Clár An Rialtais – Ár dTodhchaí le Chéile

| Misean | Tiomantas |
|---|---|
| **Rothaíocht & Siúl** | Sainordú a thabhairt do gach údarás áitiúil, le cúnamh ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), beartas rothaíochta ardchaighdeáin a ghlacadh, measúnú a dhéanamh ar a líonra bóithre agus pleananna do líonra rothaíochta a fhorbairt, rud a chuirfear i bhfeidhm le cabhair ó Oifigeach Rothaíochta cuícháilithe ag a bhfuil cumhachtaí agus róil soiléire.<br>Méadú agus feabhas a chur ar an saineolas ar thaisteal gníomhach is gá chun feabhas suntasach a chur ar bhonneagar agus ar rannpháirtíocht, san NTA agus in údaráis áitiúla araon, lena n-áirítear trí Oifigí Réigiúnacha um Dhearadh Rothaíochta a bhunú agus a chomhshuí sna seacht nOifig Deartha Réigiúnacha do bhóithre, chun tacú le húdaráis áitiúla.<br>Méadú suntasach a chur ar an líon leanaí a théann go dtí an bhunscoil agus an mheánscoil de shiúl na gcos nó ar rothar, trí shainordú a thabhairt don Roinn Iompair oibriú le scoileanna ar fud na hÉireann, le húdaráis áitiúla, le clár na Scoileanna Glasa agus le tionscnaimh áitiúla, lena n-áirítear Bus Rothar agus Sráideanna Scoile. |
| | Leathnú ar incháilitheacht don scéim Rothar chun Oibre. Soláthróimid liúntas comhréireach níos mó do rothair leictreacha agus do rothair lastais.<br>Cur leis an gclár do Rothaíocht i gCeart chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint rothaíochta ar fáil do gach leanbh bunscoile.<br>Athbhreithniú ar bheartas tráchta ar bhóithre agus ar reachtaíocht a stiúradh chun tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht maidir le siúlóid agus le rothaíocht. |
| **Bonneagar Iompair** | Go sonrach, tabharfaidh an Rialtas tosaíocht do phleananna chun seachadadh a dhéanamh ar an Metrolink, Luas agus ar leathnú iarnróid éadroma eile, leathnú ar an DART agus ar an idirnascaire agus ar Bus Connects i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach.<br>Táimid tiomanta cothabháil a dhéanamh ar an líonra bóithre atá ann cheana féin chuig an gcaighdeán is airde agus do mhaoiniú a dhéanamh ar fheabhsúcháin sábháilteachta.<br>Leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar do bhóithre nua chun a chinntiú go bhfuil gach cuid d'Éirinn nasctha lena chéile. |
| | Leanfaimid leis an gclár infheistíochta in iompar poiblí chun ár líonraí bus, iarnróid éadroim, comaitéireachta agus iarnróid idirchathrach a fheabhsú ar fud na tíre. |
| | Déanfaimid straitéisí atá ann cheana féin dár gcathracha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, amhail an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, Straitéis Iompair na Gaillimhe agus an Dréachtstraitéis Iompair do Mhórcheantar Chorcaí chomh maith leis na straitéisí atá á bhforbairt do Phort Láirge agus do Luimneach, agus tionscadail atá ag dul trí phleanáil. |

| Misean | Tiomantas |
|---|---|
| **Iompar Poiblí** | Déanfaimid athbhreithniú ar struchtúir táillí chun a chinntiú go mbíonn iompar poiblí chomh hinrochtana agus is féidir, go dtacaítear le seachadadh seirbhísí agus go ndéantar taisteal le linn uaireanta seachbhuaice a spreagadh. |
| | A chur de chúram ar an NTA plean cur chun feidhme páirceála agus taistil a chur ar fáil do gach aon cheann de na cúig chathair chun cabhrú le plódú agus le hamanna aistir a laghdú. Déanfaidh siad seo saoráidí páirceála do charranna a chomhtháthú le hiompar poiblí agus le líonraí rothaíochta agus áireoidh siad soláthar taisceadáin slándála do rothair. |
| | Plean Soghluaisteachta Inbhuanaithe Tuaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh sé seo caighdeán seirbhísí iompair phoiblí isteach ina mbeidh seirbhís a nascann na lonnaíochtaí go léir atá os cionn méid áirithe i dtéarmaí daonra leis an gcóras iompair phoiblí náisiúnta, chomh maith le háiteanna fostaíochta nó oideachais. Beidh ról lárnach ag Nasc Áitiúil san fhorbairt sin. Cuirfidh taighde Connected Ireland, a bhfuil an NTA ag tabhairt faoi, faisnéis ar fáil don chaighdeán seirbhíse seo. |
| | An tábhacht a bhaineann leis an Nasc Áitiúil a aithint agus go háirithe a acmhainneacht ó thaobh naisc iompair phoiblí idir cheantair thuaithe. Déanfaimid athbhreithniú ar oibríochtaí agus ar mhaoiniú Nasc Áitiúil laistigh de naoi mí agus déanfaimid an tseirbhís a leathnú chun a thrí oiread paisinéirí a mhealladh. |
| | Tosaíocht a thabhairt do thionscadail iompair phoiblí a chuireann le nascacht réigiúnach agus tuaithe, ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, ar mhaithe le maoiniú breise thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta atá athbhreithnithe agus leathnaithe. |
| | Grúpa Oibre a bhunú chun úsáid a bhaint as cumas samhaltaithe an NTA agus na sonraí comaitéara agus taistil atá ag Grúpa Comhlachtaí Chóras Iompair Éireann (CIE) agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, ag an NTA agus ag páirtithe leasmhara eile chun éileamh atá ann cheana féin agus éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh iompar poiblí a aithint agus oibriú leis an éileamh a mheaitseáil leis na seirbhísí atá ann cheana féin agus leis na seirbhísí nua, sa chás gur cuí. |
| | Córas iompair phoiblí náisiúnta comhtháite le hamchlár comhtháite, córas ticéadaithe clibeála aonair agus comhordú idir amchláir bus agus iarnróid na n-oibreoirí go léir a chinntiú. |

| Misean | Tiomantas |
|---|---|
| | Fóram Náisiúnta Iompair Phoiblí a bhunú a mbeidh baint ag na páirtithe leasmhara uile agus tús a chur le hAlt 17 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath chun Comhairle Chomhairleach Iompar Bhaile Átha Cliath a bhunú. |
| | Sineirge féideartha idir cineálacha éagsúla iompair agus idir seirbhísí a bhaineann le hiompar arna maoiniú ag an Stát trí ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla a fhiosrú.<br>Dlús a chur faoi phleananna iompair inbhuanaithe do scoileanna. Cuirfimid an t-athbhreithniú ar an Scéim Iompar Scoile i gcrích chun torthaí níos fearr a lorg agus chun aistir i gcarranna a laghdú. Ba cheart go n-oibreodh an Scéim Iompar Scoile i gcomhar leis an gClár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile. |
| **Busanna** | Nascacht réigiúnach agus nascacht idir bailte agus sráidbhailte faoin tuath in Éirinn a chosaint agus a leathnú.<br>Aghaidh a thabhairt ar phointí fáiscthe do bhusanna agus leathnú a chur ar chomharthaíocht tosaíochta do bhusanna agus ar Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí.<br>Tosaíocht níos fearr a thabhairt do sheirbhísí bus trí Mhórlánaí Bus a leathnú agus machnamh a dhéanamh ar Sheirbhísí Bus Gasta a thabhairt isteach. |
| **Iompar ar Bhóithre a Dhícharbónú** | Úsáid a bhaint as raon cur chuige beartais chun úsáid feithiclí leictreacha (EV) a spreagadh agus chun aistriú ó fheithiclí peitril/díosail a spreagadh.<br>Reachtaíocht a thabhairt isteach chun clárú carranna agus feithiclí éadroma nua ina bhfuil breosla iontaise a chosc ón mbliain 2030 ar aghaidh agus chun deireadh a chur le húsáid carranna peitril agus díosail ó chathracha na hÉireann ón mbliain 2030.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras mótarchánach reatha chun a chinntiú go léirítear go sásúil an dochar a dhéanann astuithe NOx (ocsaíd nítrigine) agus SOx (ocsaíd sulfair). Ní bheidh baint aige seo ach amháin le feithiclí atá cláraithe as an nua.<br>Straitéis EV a fhoilsiú chun a chinntiú go mbíonn an bonneagar luchtaithe chun tosaigh ar éileamh agus cuirfimid treoir ó thaobh pleanála ar fáil d'údaráis áitiúla.<br>Creat soláthair phoiblí a fhoilsiú do EVanna. Ní thabharfaimid cead, faoin mbliain 2025 ar a laghad, do chomhlachtaí na hearnála poiblí carranna agus feithiclí éadroma earraí íseal-astaíochtaí nó feithiclí gan aon astaíochtaí a cheannach.<br>Éileamh gur busanna hibrideacha nó busanna leictreacha a bheidh sna busanna uirbeacha go léir.<br>Reachtaíocht a thabhairt isteach do scútair leictreacha agus rothair leictreacha.<br>Straitéis 10 mbliana a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm don earnáil tarlaithe a bheidh dírithe ar éifeachtúlachtaí agus caighdeáin a fheabhsú, agus cabhrú leis an earnáil bogadh chuig todhchaí ísealcharbóin. |

| Misean | Tiomantas |
| --- | --- |
| **Iarnród** | Ar aon dul leis an ngealltanas sa Chreat Pleanála Náisiúnta chun forbairt réigiúnach atá cothrom, tosaíocht a thabhairt do thionscadail iarnróid i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge ar línte atá ann cheana féin agus ar línte nach bhfuil in úsáid.<br>Leanúint ar aghaidh ag maoiniú oibreacha sábháilteachta agus feabhsúcháin chaipitil ar an líonra iarnróid, leathnú a chur ar an bhflít agus leictriú na seirbhísí iarnróid a chur chun cinn chun amanna aistear agus astaíochtaí a laghdú.<br>Meastóireacht eacnamaíoch a choimisiúnú ar naisc iarnróid ardluais idir na príomhchathracha.<br>Feabhas a chur ar áiseanna rothaíochta agus stórála ag stáisiúin agus ar thraenacha, nuair is indéanta.<br>Feabhas a chur ar iarnród fo-uirbeach agus comaitéireachta ar fud na tíre.<br>An tuarascáil ar thodhchaí Chonair Iarnróid an Iarthair a bhreithniú agus beart cuí a dhéanamh.<br>Maoiniú a chur ar leataobh chun deisiú agus uasghrádú tapa ar ardaitheoirí ardáin traenach a chinntiú, agus chun inrochtaineacht a chinntiú. |
| **Tacsaithe** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le glasú an fhlít tacsaithe agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt cúnamh airgeadais do thiománaithe tacsaí a aistríonn go BEV agus PHEV.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí atá ar fáil d'fheithiclí tacsaí atá inrochtana do chathaoireacha rothaí chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú. |
| **Sábháilteacht ar Bhóithre** | Straitéis nua um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt isteach a dhíreoidh ar bhásanna agus ar ghortuithe a laghdú ó thaobh úsáideoirí bóithre, coisithe agus rothaithe atá leochaileach.<br>Tosaíocht a thabhairt do chomhdhlúthú na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre atá ann cheana agus úsáid a bhaint as sin mar dheis chun aon aimhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a chuireann bac ar fhorfheidhmiú cuí a cheartú. |
| **Bearta Eile** | Athbhreithniú agus leathnú a dhéanamh ar shainchúram reachtúil an NTA. Cuirfidh sé sin ar chumas an NTA oibriú le húdaráis áitiúla chun straitéisí iompair a fhorbairt a mbeidh bunús láidir dlí leo inár gcathracha, bailte agus réigiúin.<br>Cur ar chumas scoileanna, ionaid oibre agus institiúidí eile uaireanta oscailte agus dúnta a athrú.<br>Meastóireacht a dhéanamh ar bhainistiú éilimh chun aistriú córa iompair a spreagadh agus bearta ina leith a thabhairt chun tosaigh.<br>Athbhreithniú agus laghdú ar luasteorainneacha, sa chás gur cuí, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus ar astaíochtaí carbóin agus chun comhlíonadh níos fearr a chinntiú.<br>Clár píolótach chun an fhéidearthacht ó thaobh aipeanna do chomhroinnt carranna a fhiosrú ar mhaithe le nascacht tuaithe a fheabhsú. |

| Misean | Tiomantas |
|---|---|
| **Calafoirt** | Oibriú le calafoirt agus aerfoirt chun slabhraí soláthair do ghnólachtaí agus rochtain do thurasóirí a chosaint, de réir mar a osclaítear an geilleagar ar bhonn céimnithe.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cumas paisinéirí agus lasta a leathnú ag ár gcalafoirt go léir, agus tosaíocht á tabhairt do naisc iarnróid agus idirmhalartaithe.<br>Oibriú lena chinntiú go gcuireann cuideachtaí farantóireachta rochtain ar fáil do phaisinéirí coisithe gan gluaisteáin. |
| **Eitlíocht** | Na cláir chaipitiúla a sheachadadh a theastaíonn chun tacú le seirbhísí agus chun sábháilteacht a chinntiú inár n-aerfoirt stáit agus réigiúnacha.<br>Tacú le gníomhaíocht AE agus idirnáisiúnta chun astaíochtaí eitlíochta a laghdú, i gcomhréir le haidhmeanna Chomhaontú Pháras agus Chreat-Choinbhinsiún na NA ar Athrú Aeráide. |
| **An Breatimeacht** | Leanfaimid ag obair le Calafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú go bhfuil siad réidh do chás ar bith a bhaineann leis an mBreatimeacht. Leanfaimid le béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le Droichead Talún na Ríochta Aontaithe le foireann idirbheartaíochta an Choimisiúin Eorpaigh agus beimid rannpháirteach lenár gcomhpháirtithe sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Bheilg agus sa Ghearmáin lena chinntiú go bhfanann Droichead Talún na Ríochta Aontaithe mar bhealach inmharthana agus éifeachtúil chun an mhargaidh. |